Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2023
(OR. en)

15668/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0265(COD)**

**TRANS 515**
**CLIMA 572**
**ENV 1336**
**COMPET 1140**
**CODEC 2198**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 11722/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

# I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 13 Iúil 2023 mar chuid den Phacáiste um Iompar a Ghlasú.

2. Thíolaic an Coimisiún an Pacáiste um Iompar a Ghlasú ina dhá chuid. Moladh an chéad chuid an 13 Iúil 2023 agus is éard atá ann an togra atá sa líne ábhair, in éineacht le togra le haghaidh rialachán le haghaidh creat comhchuibhithe le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair lastais agus paisinéirí (tionscnamh 'CountEmissionsEU') agus togra le haghaidh Rialachán maidir leis an toilleadh iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid. Moladh an dara cuid den phacáiste an 7 Samhain 2023, agus is éard atá ann an togra lena leasaítear an Treoir ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta le haghaidh iompar idirmhódúil earraí agus an Rialachán a mhéid a bhaineann le coigilteas costas seachtrach a ríomh agus sonraí comhiomlánaithe a ghiniúint (an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte).

Tá trí chuspóir ag an togra lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal, ar a dtugtar 'an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe' feasta: (a) saorghluaiseacht éifeachtúil earraí agus iomaíocht chóir a áirithiú ar bhealach níos fearr, (b) dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil don earnáil chun infheistíocht i dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a spreagadh agus (c) a áirithiú go ndéanfar na rialacha nua agus na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí.

## II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

3. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo agus Isabel GARCIA MUÑOZ (S&D, ES) mar rapóirtéir.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an 582ú seisiún iomlánach an 26 Deireadh Fómhair 2023. Níl tuairim eisithe ag Coiste na Réigiún go fóill.

## III. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

5. Le linn Uachtaránacht na Spáinne, chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre an 24 Iúil 2023 le cur i láthair ginearálta ar an togra agus le scrúdú ar an measúnú tionchair. Lean an Mheitheal den scrúdú mionsonraithe ar an togra an 4 agus an 19 Meán Fómhair, an 6, an 16 agus an 23 Deireadh Fómhair agus an 13 Samhain.

## IV. AG OBAIR I DTREO COMHRÉITIGH

6. Ar an gcéad dul síos, chun saorghluaiseacht éifeachtach earraí agus iomaíocht chóir a áirithiú ar bhealach níos fearr, dhírigh an obair ar na rialacha atá ann cheana a dhéanamh níos soiléire agus ar an Treoir atá ann cheana a chomhlánú le rialacha atá in easnamh uirthi. Tháinig an Uachtaránacht ar chomhthuiscint maidir leis an gcuid is mó de na gnéithe a mhol an Coimisiún maidir leis an ábhar sin.

7. A mhéid a bhaineann leis na ceadanna atá le tabhairt amach chun ualaí doroinnte a iompar agus an moladh go bhféadfaidh na Ballstáit cúrsaíocht na gCóras Modúlach Eorpach (EMS) a cheadú, tá comhthuiscint ann maidir leis an mbealach chun cinn, ar chúpla coinníoll. Tá tacaíocht ann freisin don mholadh ón gCoimisiún go mbunódh na Ballstáit feidhm 'ionad ilfhreastail' chun pointe rochtana náisiúnta aonair a áirithiú do cheadanna le haghaidh ualaí doroinnte, chun an fhaisnéis a fháil agus rochtain a bheith uirthi chun na ceadanna sin a fháil agus ar deireadh chun an fhaisnéis ábhartha uile maidir le hoibríochtaí EMS i mBallstáit faoi leith a fháil agus rochtain a bheith uirthi. Iarrann na Ballstáit níos mó ama a fháil chun é a chur chun feidhme.

8. Mhol an Choimisiún na rialacha le haghaidh iompróirí feithiclí a chomhchuibhiú agus na rialacha a shoiléiriú maidir le húsáid tacaí ualaigh agus an starrtha chun tosaigh agus ón gcúl. Féadfaidh na Ballstáit tacú leis an gcomhchuibhiú sin freisin ach mionsoiléirithe a dhéanamh. Mar sin féin, tá grúpa Ballstát ann nach féidir leo comhaontú leis an uasairde a mhéadú d'fheithiclí a bhfuil coimeádáin d'ardtoilleadh á n-iompar acu.

9. Níor tíolacadh an togra ón gCoimisiún lena leasaítear an Treoir ón gComhairle a mhéid a bhaineann le creat tacaíochta le haghaidh iompar idirmhódúil earraí ach an 7 Samhain agus tá idirnaisc idir é agus an togra i ndáil leis an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí, go háirithe a mhéid a bhaineann le coincheap na n-oibríochtaí iompair idirmhódúil. Ar an gcúis sin, tá líon suntasach Ballstát i bhfabhar an dá thogra a chaibidil agus déileáil leo ag an am céanna. Beidh gá le tuilleadh oibre féachaint conas is féidir an t-ailíniú idir an dá thogra sin a áirithiú.

10. Ar an dara dul síos, beidh gá le tuilleadh oibre chun dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil don earnáil chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a spreagadh, go háirithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag feithiclí níos troime a bheith á dtiomáint thar an mbonneagar atá ann cheana agus ar a bhfuil i gceist leis sin maidir le bóithre nua a chothabháil agus a thógáil.

11. Mhol an Coimisiún roinnt modhnuithe chun athruithe a inmheánú ar na rialacha cineálcheadaithe a chomhtháthaigh na rialacha maidir le cábáin aeraidinimiciúla agus chun gur féidir an lamháltas faid bhreise a úsáid chun teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a shuiteáil. Féadfaidh na Ballstáit tacú leis sin.

12. Maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh meáchan méadaithe údaraithe le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha, beidh gá le tuilleadh oibre féachaint cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an mbonneagar atá ann cheana agus conas is fearr a scaipfear an meáchan méadaithe thar acastóirí éagsúla na bhfeithiclí. Táthar i mbun plé i gcónaí maidir leis an mbealach is fearr chun an t-aistriú chuig úsáid ghinearálta feithiclí teicneolaíochta astaíochtaí nialasacha a éascú i gcomparáid leis na feithiclí a chumhachtaítear le breosla iontaise sa lá atá inniu ann. Beidh gá le himscrúdú breise ar mhódúlachtaí beachta an aistrithe sin.

13. Ar deireadh, chun a áirithiú go ndéanfar na rialacha nua agus na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí, tuigeann na Ballstáit an moladh ón gCoimisiún in Airteagal 6 a bhaineann leis na cruthúnais atá le bheith ar iompar ag feithiclí, cé nach dtacaíonn na Ballstáit le rialacha ardán eFTI a glacadh le déanaí a athrú ná le húsáid a bhaint as an ardán céanna chun an doiciméadacht a léiriú a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí iompair idirmhódúil. Maidir le rialú feithiclí atá ró-ualaithe, d'fhéadfadh na Ballstáit comhaontú le húsáid córas uathoibríoch arna suiteáil ar an mbóthar agus an úsáid sin a ailíniú leis na ceanglais agus le líon na gcóras atá le húsáid, ós rud é go rialófar i Rialachán TEN-T í. Comhaontaíonn na Ballstáit freisin Airteagal 10da nua a thabhairt isteach a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme scéimeanna Beartais Rochtana Cliste chun rochtain na bhfeithiclí tromshaothair ar bhóithre nó ar limistéir shonracha a rialáil, faireachán a dhéanamh uirthi agus an rochtain sin a éascú.

## V. **CONCLÚIDÍ**

14. I bhfianaise an mhéid thuas iarrtar ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire maidir leis an obair i ndáil leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe.